

TAISCE ACMHAINNÍ IOMPAIR NA SEIRBHÍSE TACAÍOCHTA D'OIDEACHAS SPEISIALTA (STOS)



Treoirbhileog 8

DEA-CHADREAMH A CHUR AR BUN LE DUINE FÁSTA AMHÁIN

Go hidéalach, ba cheart go mothóidh gach duine a thiofadh isteach doras na scoile gach maidin (an fhoireann agus na daltaí) gur áit í inar maith leo a bheith agus inar féidir leo bheith sábháilte, slán agus sásta. Bealach amháin chun é sin a bhaint amach ná cultúr a fhorbairt atá bunaithe ar dhea-chaidrimh: duine fásta - duine fásta, dalta - duine fásta agus dalta - dalta. Ach ar ndóigh ní féidir linn caidreamh cothrom a bheith againn le gach duine sa timpeallacht - oibrímid níos mó le daoine áirithe (ár gcomhghleacaí sa seomra ranga, na daltaí sa rang, na himreoirí ar an bhfoireann peile) le hais daoine eile. Is é an rud tábhachtach an smaoineamh go mothóidh gach dalta a thiofadh chuig an scoil, agus go háirithe iad siúd a mbeidh iompar dúshlánach acu, go mbeidh 'duine amháin speisialta' ar féidir leo muinín a bheith acu as / ar féidir leo labhairt leis agus dea-chaidreamh a bheith acu leis.

Daltaí nach mbíonn muinín acu astu féin/nó a bhíonn míshona is minic a bhíonn siad á n-iompar féin ar bhealach míchuí. D'fhéadfadh siad ansin 'cáil' a bhaint amach sa scoil mar dhaoine a bhíonn trioblóideach / dána / craiceáilte (agus níos measa fós, focail nach féidir fiú a scríobh síos). Is minic má bhíonn íomhá dhiúltach againn de dhuine go dtiocfaidh an tuar faoin tairngreacht - má chreidimid go bhfuil mianach áirithe i ndalta (m.sh. an-mhaith nó an-dána), bíonn sé de nós againn níos mó suntais a dhéanamh de na hiompraíochtaí a oireann don ról atá leagtha síos againn don dalta, agus b'fhéidir neamhaird ar fad a dhéanamh d'iompraíochtaí eile. Tá sé tábhachtach a chur in iúl dár ndaltaí go léir, agus go háirithe do na daltaí sin a thaispeánann iompar níos dúshlánaí, gur mian linn go mothóidh siad go bhfuil áit dóibh sa scoil agus gur féidir leo cur go dearfach le gníomhaíochtaí na scoile. Uaireanta is é an bealach is fearr lena dhéanamh ná má bhíonn ball foirne amháin mar 'chara' nó mar thacadóir ag an dalta seo. D'fhéadfadh sé sin tarlú go nádúrtha, nó seans gur gá é a phleanáil ar an gcaoi sin. D'fhéadfadh duine ar bith den fhoireann a bheith i gceist: an múinteoir ranga, an príomhoide, an Cúntóir Riachtanas Speisialta, an múinteoir Corpoideachais / Adhmadóireachta / Eacnamaíocht Bhaile / Ceoil nó fiú amháin rúnaí na scoile!

Conas is féidir linn dea-chaidrimh a chruthú leis an dalta seo? Trí ómós a thabhairt don dalta agus suim a bheith againn i scéalta an dalta - faoin teaghlach, faoi chairde, faoi na rudaí a tharlaíonn sa bhaile, faoi dheacrachtaí atá ag an dalta srl. Is féidir linn tuilleadh a fháil amach freisin faoi cén spórt, cé na cineálacha ceoil, cén réalta popcheoil, cén réalta spóirt, cén caitheamh aimsire lasmuigh den scoil, a thaitníonn agus nach dtaitníonn leis an dalta: cé na rudaí a chuireann as don dalta srl. Bealach amháin lena dhéanamh ná trí liosta 'Rudaí is Maith Liom/Nach Maith Liom' (féach Treoirbhileog 24) ach é a dhéanamh b'fhéidir ar bhealach neamhfhoirmiúil (ag comhrá agus ag éisteacht) seachas ar bhealach foirmiúil, nó i bhfoirm cineál seicliosta. Ar an mbealach sin seans go n-aimseoidimid spéiseanna a thaitneoidh leis an mbeirt againn agus a chuideoidh chun muinín agus cairdeas a fhorbairt.

Rabhadh beag faoin 'duine eile' seo i saol an dalta: moltar gan an caidreamh a fhorbairt chomh mór is gur mó an míbhuntáiste a d'fhéadfadh a bheith ag baint leis ná an buntáiste. Má thagann tinneas ar an duine fásta / má théann sé/sí ar shaoire mháithreachais nó ar shaoire thuismitheoirí nó má fhágann sé/sí an scoil, d'fhéadfadh sé cur isteach go mór ar an dalta. Ar ndóigh ní féidir é sin a sheachaint uaireanta, ach seachas na huibheacha ar fad a chur in aon chiseán amháin, múin agus spreag an dalta caidrimh a fhorbairt le daoine eile (an fhoireann agus daltaí) freisin. Mar fhocal scoir, moltar gan sonraí pearsanta a thabhairt (uimhreacha teileafóin, seoladh, ríomhphost srl) mura bhfuil tú cinnte go bhfuil sé oiriúnach sin a dhéanamh - arís d'fhéadfadh sé fadhbanna a chruthú amach anseo.